Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Scéal Oilibhéir

Nuachtlitir 6-12-2019

TRÉIMSHE NA hAIDBHINTE | *Advent*

Ciallaíonn an focal Béarla "Advent" go bhfuil duine nó rud nó ócáid éigin ag *teacht*. Bíonn ceithre Dhomhnach i dtréimhse na hAidbhinte (ní bhaineann sé le *seachtainí*) agus bímid ag ullmhú chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa.
'Sé an chéad Domhnach san Aidbhint tús na bliana don Eaglais

Fleasc na hAidbhinte

Seasann an ciorcal do Dhia, gan tús ná deireadh lena ghrá, lena thrócaire
Léiríonn na duilleoga síorghlasa go mbíonn athnuachan, go bhfuil an bheatha shíoraí i ndán dúinn

Na Coinnle

Seasann na coinnle don tréimhse feithimh sin. Baineann an dath corcra le ríogacht agus baineann sé le haithreachas agus le troscadh. Bíonn an coinneal deireanach bán agus seasann sé don leanbh Íosa gan smál, gan mháchail, a tháinig chun peacaí an Domhain a ghlanadh.

Coinneal an **Dóchais**	Tugtar coinneal na tairngreachta ar an gcoinneal seo freisin
Coinneal na **Síochána**	Tugtar coinneal Beithile nó Coinneal an Ullmhúcháin ar an gcoinneal seo freisin
Coinneal na **Lúcháire**	Tugtar coinneal an Aoire ar an gcoinneal seo freisin
Coinneal an **Ghrá**	Tugtar coinneal na nAingeal ar an gcoinneal seo freisin
Coinneal **Bán** do bhreith Íosa	Tugtar coinneal an Chríost ar an gcoinneal seo freisin

The word Advent means that someone, something or some occasion is "coming". There are four Sundays in Advent (not weeks) and we prepare to celebrate the birth of Jesus. The first Sunday of Advent is also the beginning of the Christian Church's year.

Advent Wreath

The circle represents God, and the eternity of His love and mercy, without beginning or end. The evergreen leaves represent renewal and that eternal life awaits us.

The Candles

The candles represent this period of waiting. The colour purple is long associated with royalty but also with reconciliation and fasting. The last white candle represents the Child Jesus, pure and without blemish who came to wash away the sins of the world.

*The Candle of **HOPE***	*Also known as the Prophecy Candle*
*The Candle of **PEACE***	*Also known as the Bethlehem Candle or the Preparation Candle*
*The Candle of **JOY***	*Also known as the Shepherd's Candle*
*The Candle of **LOVE***	*Also known as the Angel's Candle*
*The **White** Candle for the birth of Jesus*	*Also known as the Christ Candle*

MEABHRÚ | *Reminder*

Tá feabhas tagtha ar chúrsaí páirceála san ascaill arís agus gabhaim buíochas le gach éinne as sin. Iarrtar ort na gnásanna páirceála a mheabhrú d'éinne atá ag teacht go dtí an scoil chun do pháiste a bhailiú. Sábháilteacht na bpáistí an chloch is mó ar ár bpaidrín agus smaoineamh ar dhaoine eile agus béasaí na rudaí eile is tábhachtaí.

Parking matters have improved and I'm very grateful to all for that. You are asked to please remind anyone coming to the school to collect your child of the procedures for parking. The chidlren's safety is our primary concern and after that consideration of others and manners are most important.

The Masterson Academy of Irish Dance *was established in 2015 by World Championship dancer Lauren Masterson O.D.C.R.N. We are a fully inclusive school where students of all capabilities, levels and ages are catered for. Come to dance for fun and fitness or come to dance to compete, the choice is totally yours. Our school values team-work and so team dancing is included in all lessons. Classes will be on* ***Wednesday in the school hall from 2.45pm – 3.45pm*** *and will run weekly during the rest of the school year. Classes are €10 pay as you go. We look forward to welcoming all your little ones into our dance family.*

Scoil Rince Banbha *have been teaching Irish Dancing in the Dublin 15 community for 30 years and are now delighted to be teaching in* Scoil Oilibhéir. *Niamh Gavin TCRG will now be teaching Céili Dancing to students during school on a Thursday morning but will also have after school classes on a* ***Thursday afternoon from 2.40 for 1 hour.*** *(Children from* Naíonáin Bheaga *and* Naíonáin Mhóra *are welcome but would need to return to school at 2:40!). After school classes will cost €7 per week but will be paid by the term. (Current term, until Christmas, will be €35). You can pay by card, cash or bank transfer. After school classes will be taught through Irish as far as possible. Please see link* www.srbanbha.com/scoiloilibheir

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Guíonn Cumann na dTuismitheoirí Nollaig Shona Shíochánta agus Athbhliain faoi Mhaise is faoi Shéan ar gach uile dhuine. Gabhann siad buíochas libh ar fad a thacaigh leo i mbliana. Tá sos maith tuillte acu!

Cumann na dTuismitheoirí *wish a Merry, Peaceful Christmas and a Happy, Prosperous New Year to everyone. They thank all those who have supported them this year. They deserve a good break!*

Bus na gCos | *Walking Bus*

Táimid ag leanúint le Bus na gCos™ gach Aoine. Déanaigí iarracht le bhur dtoil cuid den turas ar scoil, ar a laghad, a dhéanamh gan an carr. Bígí cinnte de freisin go gcaitheann sibh éadaí oiriúnacha!

We are continuing with the Walking Bus on Fridays folks - please make an effort to do at least part of the journey to school without the car. Ensure also that you wear suitable clothes!

Cuairteoirí Speisialta ar an Scoil | *Special Visitors to the School*

Bhí an-áthas orainn gur tháinig an tAire Oideachais Joe McHugh ar cuairt ar an scoil inné, an Chéadaoin 18 Nollaig. Sa mhullach air sin, bhí an Taoiseach sa cheantar agus d'éirigh leis seal a chaitheamh linn chomh maith. Chuir na páistí an-fháilte rompu agus bhí cúpla focal deas ag an mbeirt dóibh. Mar is gnách, ba chúis mhórtais dúinne iompar na bpáistí. Ba mhór an rud é dár bpáistí go raibh siad in ann éisteacht le beirt de na polaiteoirí is tábhachtaí sa tír ag labhairt leo as Gaeilge. Bhí cruinniú ag baill an Bhoird Bhainistíochta leis an Aire agus leis an Taoiseach agus d'éirigh linn go leor oibre a dhéanamh. Táimid cinnte de go dtuigeann an tAire agus an Taoiseach an t-éileamh atá ar, agus an tábhacht a bhaineann leis, an nGaeloideachas i mBaile Átha Cliath 15. Táimid dóchasach go mbeidh tuiscint níos soiléire againn go gairid i ndiaidh na Nollag ar an mbealach ar a dtacóidh an Roinn Oideachais leis an scoil freastal ar an éileamh seo.

We were very happy to welcome the Minister for Education Joe McHugh on a visit to the school. On top of that, the Taoiseach *was in the area and managed to drop by to spend some time with us also. The children gave them a great welcome with Christmas songs and some probing questions and both visitors had some lovely words for them. As ever, our children's behaviour was a source of great pride. It's a huge thing for our children to be able to listen to two of the most important politicians in the country speak to them in Irish. Members of the Board of Management had a meeting with the Minister and the Taoiseach and we got through a lot of work. We are certain that both the Minister and the* Taoiseach *understand the huge demand for, and the importance of, Irish medium education in Dublin 15. We are hopeful that we will have a clearer understanding shortly after Christmas of how the Department of Education aim to support the school in serving this demand.*

Seó na nÓg | *Junior Show*

Bhí slua dochreidte i láthair. Fiú má chuirtear an dara rang Naíonán san áireamh, ní raibh riamh an méid sin daoine ann. Táimid an-sásta rannpháirtíocht agus tacaíocht na dtuismitheoirí a fheiceáil i leith obair na bpáistí. Tá moladh ar leith ag dul do na múinteoirí a d'ullmhaigh na seónna éagsúla. Mo cheol sibh! Bailíodh €454.45 do Thearmann na mBan. Go raibh míle maith agaibh go léir.

We had an incredible crowd present. Even taking in to account the second class of Junior Infants, we never had such an amount of people there. We are really happy to see the particpation and support of the parents for the children's work. Special praise is owed to the teachers who prepared the various shows. Bravo! €454.45 was colelcted for SONAS.

Laethanta Corpoideachais | *PE days*

Tá deireadh tagtha leis an téarma anois ar ndóigh. Seo thíos na laethanta spóirt do gach rang go dtí go mbeidh cúrsaí Zumba, Yoga, CLG srl. socraithe don dara téarma.

This term has obviously come to an end. Below are the PE days for each class until Zumba, Yoga, GAA etc, are organised fo rthe Second Term..

Naíonáin Bheaga **Ghlasa**	-	An Mháirt	|	*Tuesday*
Naíonáin Bheaga **Bhuí**	-	An Déardaoin	|	*Thursday*
Naíonáin Mhóra	-	An Chéadaoin	|	*Wednesday*
Rang a hAon	-	An Chéadaoin	|	*Wednesday*
Rang a Dó	-	An Déardaoin	|	*Thursday*
Rang a Trí	-	An Chéadaoin	|	*Wednesday*
Rang a Ceathair	-	An Aoine	|	*Friday*
Rang a Cúig	-	An Chéadaoin	|	*Wednesday*
Rang a Sé	-	An Aoine	|	*Friday*

Seirbhís Charúl na nArdranganna | *Senior Classes' Carol Service*

Beidh Seirbhís Carúl na nArdranganna i Séipéal Thomáis i Lóiste na Labhras anocht, an Déardaoin 19 Nollaig idir 20:00 agus 21:00. Níl aon chostas dul isteach ach glacfar le síntiús don Oispís más mian leat.

The Senior Classes' Carol Service will take place in St. Thomas' Church Laurel Lodge tonight, Thursday 19 December between 20:00 and 21:00. There is no admission charge but donations for the Hospice will be accepted if you wish.

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Comórtais Tógála agus Ealaíne na Nollag | *Christmas Construction Competition*

Bhí gach ceann de na hiarrachtaí seo níos fearr ná a chéile. Comhghairdeas le gach éinne. Seo thíos na buaiteoirí. Ár mbuíochas le Cumann na dTuismitheoirí as na duaiseanna a sholáthar.

Each of these efforts was better than each other! Congratulations to everyone. Below are the winners. Our thanks to the Parents' Association for providing the prizes.

Lá deireanach an Téarma | *Last day of term*

Dúnfar an scoil amárach, an Aoine 20 Nollaig agus osclófar arís í ar an Luan, 6 Eanáir. Tá cead ag na páistí a gcuid éadaí féin a chaitheamh agus tá cead cúpla milseán a thabhairt isteach. Smaoinigh go bhfuil cosc iomlán ar chnónna. **Rachaidh gach duine abhaile ar 12:00**

The school will close tomorrow, Friday 20 December and we will be opened again on Monday, 6 January. The children may wear their own clothes and may bring in a few treats. Please remember that nuts are totally banned. ***Everybody will go home at 12:00****.*

Cabhair do Dhaoine gan Dídean | *Helping the Homeless*

Fuaireamar an-chuid boscaí dó seo agus tabharfar don Athair Dan Joe inniu iad. Míle buíochas libh ar fad. Tuigimid ar fad gurb am costasach é seo do gach éinne ach meabhraítear duit go bhfuil daoine i bhfad níos measa as agus go ndéanann sé maitheas duit rud deas a dhéanamh gan chúis anois is arís!

We got a lot of boxes for this and they will be given to Fr. Dan Joe today. Thank you all very much. We all understand that this is a very expensive time of year for everybody but you are reminded that it does you good to do something nice for no reason every now and again!

Amy ar an Teilifís!

Beidh dalta Rang a Cúig, Amy Woodger, ar an teilifís mar réalta an chláir *There's no Planet B*! Beidh sé ar an 27 Nollaig ar 19:25 ar RTE 1. Táimid an-bhródúil as Amy agus as an obair ar fad atá ar siúl aici ar son an domhain agus ar son na todhchaí!

A pupil from Rang a Cúig, Amy Woodger, *will be on the television starring in the programme* There's no Planet B!. It will air on 27 Decemebr at 19:25 on RTE 1. We're very proud of Amy and of all the work she is doing for the planet and for the future!

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

19-12-19	Seirbhís Carúl na nArdranganna| *Senior Classes Carol Service*	20:00-21:00
	Séipéal Thomáis, Lóiste na Labhras | *St. Thomas' Church, Laurel Lodge*	
20-12-19	Dúnadh na scoile don Nollaig | *School closes for Christmas*	**Gach duine abhaile ar 12:00 | *All home at 12:00***
31-12-19	Spriocdháta do Choláiste Chaisleán Cnucha 2021| *Deadline for Castleknock College 2021*	
06-01-20	Scoil ar oscailt arís | *School open again*	
16-01-20	Caint do Thuismitheoirí le Fiona Forman - Weaving Well-Being | *Parents' Talk with Fiona Forman on Weaving Well-Being*	20:00
31-03-20	Spriocdháta na n-iarratas do Choláiste Belvedere – caithfear iarratais do bhuachaillí a dhéanamh i Rang a Cúig *Deadline for applications to Belvedere College – applications for boys must be made in Fifth Class*	
28-02-20	Cóineartú | *Confirmation*	11:00 i Séipeál Bhríde
23-05-20	Comaoineach | *Communion*	12:00 i Séipéal Bhríde